An Ghaeilge i nDún na nGall

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi phlean teanga atá beartaithe i gContae Dhún na nGall. Sula bhféachann tú ar an mír, aimsigh na háiteanna seo ar léarscáil. Cad is brí leis na logainmneacha, dar leat?

- Cloch Cheann Fhaola (Cloich Chionnaola)
- An Fál Carrach
- Gort an Choirce
- Dún Lúiche

Ceist 2 Cén Ghaeilge atá ar na focail agus ar na frásaí seo thíos? Beidh siad le cloisteáil sa mhír ar ball.

- *confidence*
- *in charge of / conducting the survey*
- *about four aspects of Irish*
- *current state*
- *practices*
- *opinion about the language*
- *suggestions for the future*
- *among the oldest age group*
- *immersion education*

Cén leagan Ultach atá ar na focail seo?

- seo caite
- de bhrí
- uile
- ceistíodh
- scoileanna

Féach ar an mír den chéad uair, le feiceáil an raibh an ceart agat.

Ceist 3 **<u>Éist</u>** leis an tuairisc, ach **<u>ná féach</u>** uirthi an t-am seo, agus freagair na ceisteanna thíos.

1. Tugann an suirbhé eolas faoi cheithre ghné den Ghaeilge. Cad iad?

2. Cén fáth ar luadh na figiúirí seo a leanas?

   54% _____
   18% _____
   59% _____
   57% _____
   76% _____
   66% _____
   39% _____

3. Cad a bhí le rá ag Máire Uí Bhaoill agus ag Máire Ní Chasaide?

Ceist 4 '…go ceann cúpla mí…'

1. Cuir na dobhriathra ama seo in abairtí lena mbrí a léiriú:

   ar feadh *go ceann* *i gceann*

2. Cad is féidir leat a rá faoi na samplaí seo?

   go ceann <u>míosa</u> ***ach*** *go ceann <u>cúpla mí</u>*

   ar feadh <u>bliana</u> ***ach*** *ar feadh <u>dhá bhliain</u>*

Ceist 5 Bí ag obair leis an duine in aice leat agus glacaigí sealanna na huimhreacha seo a rá amach os ard.

Abair amach na huimhreacha seo thíos anois.

Airgead:

€600	€1.50	£2.80	$750	€0.05

Codáin:

½	⅓	¼	⅔	10 ½

Céatadáin:

1%	60%	7.75%	0%	100%

Cad faoi na dátaí seo:

04/03/1999	19/01/2017	31/10/2016	08/12/1977

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis na daoine eile i do ghrúpa.

1. Cad iad na buntáistí a bhaineann leis an tumoideachas, dar leat?
2. An bhfuil aon mhíbhuntáistí ag baint leis an tumoideachas, dar leat?
3. Cad faoi dhaoine a bhogann go dtí an Ghaeltacht nach bhfuil Gaeilge acu? An bhfuil sé deacair dóibh siúd freastal ar scoileanna lán-Ghaeilge?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
Cloch Cheann Fhaola: An chloch ar scaoileadh ceann Fhaola uirthi.
An Fál Carrach: *The rough enclosure*
Gort an Choirce: *The field of oats*
Dún Lúiche: *The fort of Lugh*

Ceist 2
Is féidir an stór focal seo a phlé tar éis féachaint amháin.

confidence – muinín
in charge of / conducting the survey – i mbun an tsuirbhé
about four aspects of Irish – faoi cheithre ghné den Ghaeilge
current state – staid reatha
practices – cleachtais
opinion about the language – dearcadh faoin teanga
suggestions for the future – moltaí don todhchaí
among the oldest age group – i measc an aoisghrúpa is sine
immersion education – tumoideachas

seo caite – seo a chuaigh thart
de bhrí – cionn is
uile – uilig
ceistíodh – fiafraíodh
scoileanna – scoilteacha

Ceist 3
Féach an script.

Ceist 4
1. Beidh mé sa Ghaeltacht ***ar feadh*** trí seachtaine.
   Beidh mé anseo ***go ceann*** uair a chloig eile.
   Beidh mé ag dul go dtí an Ghaeltacht ***i gceann*** seachtaine ar feadh seachtaine.
2. Nuair a leanann ainmfhocal aonair *ar feadh*, *go ceann* nó *i gceann*, cuirtear sa tuiseal ginideach é.
   An tuiseal ainmneach uatha a úsáidtear leis an bhfocal cúpla i gcónaí.
   Nuair a leanann uimhir agus ainmfhocal *ar feadh*, *go ceann* nó *i gceann*, fágtar sa tuiseal ainmneach iad.

Ceist 5
trí déag
daichead a seacht
caoga
trí chéad a hocht
céad seachtó a dó
míle, cúig chéad fiche
ceithre mhíle, cúig chéad
ocht gcéad seasca
céad míle
dhá mhilliún

Airgead:

€600	sé chéad euro
€1.50	euro agus caoga cent
£2.80	dhá phunt agus ochtó pingin
$750	seacht gcéad caoga dollar
€0.05	cúig cent

Codáin:

½	leath
⅓	tríú
¼	ceathrú
⅔	dhá thrian
10 ½	deich go leith

Na dátaí:

04/03/1999	An ceathrú lá de mhí an Mhárta, míle naoi gcéad nócha a naoi
19/01/2017	An naoú lá déag de mhí Eanáir, dhá mhíle seacht déag
31/11/2016	An t-aonú lá is tríocha de mhí Dheireadh Fómhair, dhá mhíle sé déag
08/12/1977	An t-ochtú lá de mhí na Nollag, naoi déag seachtó seacht

Ceist 6

Iarr ar an rang plé a dhéanamh ar na ceisteanna.

Eimear Ní Chonaola
Deir Coiste Pleanála Teangan[1] Chloich Cheann Fhaola[2] i gContae Dhún na nGall go bhfuil sé tábhachtach go bhfuil oideachas Gaeilge ar fáil anois go dtí an Ardteist i bPobalscoil Chloich Cheann Fhaola. Dúirt siad go dtugann torthaí ó shuirbhé a rinne siad faoin nGaeilge i measc míle trí chéad duine sa gceantar[3] muinín dóibh agus iad ag ullmhú plean teangan as seo go ceann cúpla mí.

Ailbhe Ó Monacháin
Trí cheanneagraíocht a bhí i mbun an tsuirbhé teanga seo a rinneadh i mí Lúnasa seo a chuaigh thart i gCloch Cheann Fhaola: an tSean Bheairic agus Pobal Eascarrach, thoir ar an Fhál[4] Carrach, chomh maith le Coiste Forbartha Pobail Mhachaire Rabhartaigh a bhailigh eolas faoi cheithre ghné den Ghaeilge: staid reatha na Gaeilge; cleachtais Ghaeilge sa cheantar; an dearcadh faoin teanga sa cheantar, agus moltaí don todhchaí.

Maidir le cumas ginearálta sa teanga, léiríodh go bhfuil Gaeilge líofa ag 54% a ceistíodh agus Gaeilge mheasartha ag 18%. Is i measc an aoisghrúpa is sine a ceistíodh, sin ó 67 bliain d'aois ar aghaidh, is mó a labhraítear an teanga go laethúil, sin 59%.

Máire Uí Bhaoill, Cumann Turasóireachta agus Trádála, An Fál Carrach
Creidimse go… go dtigeann[5] cuid mhór daoine isteach anseo le cur fúthu sa cheantar, agus b'fhéidir nuair a chastar daoine … duine úr ort ar dtús, go mb'fhéidir gurb é an chéad rud a dhéanann tú ná go labhraíonn tú i mBéarla leo. Agus b'fhéidir, cionn is go bhfuil sé sin ann, go bhfuil daoine ag caint Béarla lena chéile cé go bhfuil Gaeilge acu.

Ailbhe Ó Monacháin
Léiríonn an suirbhé gur 57% den phobal uilig[6] a labhraíonn an teanga i gCloich Cheann Fhaola. I nGort an Choirce is láidre ag 76% den phobal. Ansin i nDún Lúiche ag 66%, agus ar an Fhál Carrach is laige ag 39%. Fiafraíodh de thuismitheoirí an leanfaidh a bpáistí le tumoideachas Gaeilge sa mheánscoil, ó tharla gur féidir meánscolaíocht Ghaeilge a fháil go leibhéal Ardteiste anois i bPobalscoil Chloich Cheann Fhaola.

Máire Ní Chasaide, Rúnaí, Coiste Pleanála Teanga Chloich Cheann Fhaola
Bhuel, tá an chuid is mó de na scoilteacha[7] náisiúnta sa cheantar seo ag dul fríd[8] an tumoideachas, ón bhunscoil[9]. Rud amháin eile ná go bhfuil tumoideachas ar fáil ag an dara leibhéal, go bhfuil oideachas lán-Ghaeilge ar fáil do dhaoine suas go dtí bliain na hArdteiste, agus tá sin iontach tábhachtach.

Ailbhe Ó Monacháin
Bainfidh an coiste leas as an tsuirbhé[10] anois le plean teanga a dhéanamh réidh a fhoilseofar am ar bith ón Mhárta ar aghaidh.

Ailbhe Ó Monacháin, Nuacht TG4 i gCloch Cheann Fhaola i gContae Dhún na nGall.

---

[1] *teanga* an leagan caighdeánach
[2] *Cloich Chionnaola* an leagan oifigiúil
[3] Córas Chonnacht
[4] Córas Uladh
[5] *go dtagann* an leagan caighdeánach
[6] *uile* an leagan caighdeánach
[7] *scoileanna* an leagan caighdeánach
[8] *tríd* an leagan caighdeánach
[9] Córas Uladh
[10] Córas Uladh